

Macron Abú

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thoradh an toghcháin uachtaránachta sa Fhrainc. Sula bhféachann tú ar an mír, déan féin agus an duine in aice leat plé ar na ceistanna seo:

(1) Cad atá ar eolas agat faoi Emmanuel Macron agus Marine Le Pen?

(2) Cad a cheapann tú faoi thodhchaí an Aontais Eorpaigh?



Ceist 2

Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- challenges
- economic and unemployment questions
- that he will heal
- the euro banking structure
- the supporters of the European Union
- Member of Parliament
- majority
- to benefit from
- negotiations
- important people
- to his core/ marrow

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3

Anois, féach ar an tuairisc arís agus breac síos an oiread eolais agus is féidir leat faoi na teidil seo a leanas:

Cúlra Macron	
Cúlra Le Pen	
Angela Merkel	

Theresa May	
Na dúshláin os comhair Macron	
Cáilíochtaí Macron don phost	

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 4 ‘...páirtithe móra...’ **ACH** fir mhóra

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an bhfocal ‘móra’ sa dara sampla thuas?
2. Cad faoi na cinn seo anois? Cuir séimhiú ar an aidiacht idir lúibíní más gá:

- boird (gorma)
- Francaigh (cáiliúla)
- traenacha (dearga)
- sléibhte (dainséaracha)
- cathracha (salacha)
- teaghlaigh (Sasanacha)
- siopaí (costasacha)
- séipéil (beaga)
- foirgnimh (gránna)

Ceist 5 ‘...go mbeidh...’ agus ‘...ní athróidh...’

Scríobh amach na briathra seo san aimsir fháistineach, i ngach pearsa. Tá an chéad cheann déanta duit.

Athraigh	Tarraing	Foghlaim
athróidh mé athróidh tú athróidh sé athróidh sí athróimid athróidh sibh athróidh siad <u>Sb.</u> athrófar An athróidh sí? Ní athróidh		

VIFAX 11 Bealtaine 2017
Ardleibhéal

Cuir	Ceannaigh	Dóigh

Ceist 6 ‘...Angela Merkel na Gearmáine...’

Líon na bearnaí sa tábla thíos leis an bhfoirm cheart de gach tír agus de gach duine ón tír sin. Tá sampla amháin déanta.

An Ghearmáin	Merkel na <u>Gearmáine</u>	Gearmáinis	gramadach na <u>Gearmáinise</u>
Éire	Kenny na _____	Gaeilge	lucht labhartha _____
_____	Macron na Fraince	_____	deacracht na Fraincise
An Spáinn	Madrid na _____	Spáinnis	briathra _____
An Iodáil	Tuscáin _____	_____	stair na hIodáilise
An Phortaingéil	Porto na _____	_____	fuaimeanna na Portaingéilise

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

challenges – *dúshlán*

economic and unemployment questions – *ceisteanna eacnamaíochta agus dífhostaíochta*

that he will heal – *go gcneasóidh sé*

the euro banking structure – *struchtúr baincéireachta an euro*

the supporters of the European Union – *lucht tacaíochta an Aontais Eorpaigh*

Member of Parliament – *Feisire*

majority – *tromlach*

to benefit from – *tairbhe a bhaint as*

negotiations – *idirbheartaíocht*

important people – *daoine mór le rá*

to his core/ marrow – *go smior ann*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Cuirtear séimhiú ar aidiacht má chríochnaíonn an t-ainmfhocal iolra a thagann roimhe le consan caol (m.sh. -id, -il, -in, -is, -it, -ird, -ist, -igh, srl.).

boird ghorma

Francaigh cháiliúla

traenacha dearga

sléibhte dainséaracha

cathracha salacha

teaghlaigh Shasana

siopaí costasacha

séipéil bheaga

foirgnimh ghránna

Ceist 5

Athraigh	Tarraing	Foghlaim
athróidh mé	tarraingeoidh mé	foghlaiméoidh mé
athróidh tú	tarraingeoidh tú	foghlaiméoidh tú
athróidh sé	tarraingeoidh sé	foghlaiméoidh sé
athróidh sí	tarraingeoidh sí	foghlaiméoidh sí
athróimid	tarraingeoidimid	foghlaiméoidimid
athróidh sibh	tarraingeoidh sibh	foghlaiméoidh sibh
athróidh siad	tarraingeoidh siad	foghlaiméoidh siad
<u>Sb.</u>	<u>Sb.</u>	<u>Sb.</u>
athrófar	tarraingeofar	foghlaiméofar
An athróidh sí?	An dtarraingeoidh tú?	An bhfoghlaiméoidh sí?
Ní athróidh.	Ní tharraingeoidh.	Ní fhoghlaiméoidh.

Cuir	Ceannaigh	Dóigh
cuirfidh mé cuirfidh tú cuirfidh sé cuirfidh sí cuirfidimid cuirfidh sibh cuirfidh siad <u>Sb.</u> cuirfear	ceannóidh mé ceannóidh tú ceannóidh sé ceannóidh sí ceannóimid ceannóidh sibh ceannóidh siad <u>Sb.</u> ceannófar	dófaidh mé dófaidh tú dófaidh sé dófaidh sí dófaimid dófaidh sibh dófaidh siad <u>Sb.</u> dófar
An gcuirfidh sibh? Ní chuirfidh.	An gceannóidh siad? Ní cheannóidh.	An ndófaidh tú? Ní dhófaidh.

Ceist 6

An Ghearmáin	Merkel na <u>Gearmáine</u>	Gearmáinis	gramadach na <u>Gearmáinise</u>
Éire	Kenny na <u>hÉireann</u>	Gaeilge	lucht labhartha <u>na Gaeilge</u>
<u>An Fhrainc</u>	Macron na Fraince	<u>Fraincis</u>	deacracht na Fraincise
An Spáinn	Madrid na <u>Spáinne</u>	Spáinnis	briathra <u>na Spáinnise</u>
An Iodáil	Tuscáin <u>na hIodáile</u>	<u>Iodáilis</u>	stair na hIodáilise
An Phortaingéil	Porto na <u>Portaingéile</u>	<u>Portaingéilis</u>	fuaimeanna na Portaingéilise

Máire Treasa Ní Cheallaigh

Naoi mbliana déag is fiche atá Macron agus seo é an chéad uair ó 1958 nach iarrthóir ó cheann de na páirtithe móra traidisiúnta atá tofa. Ach, tá dúshlán os a chomhair. Tá baol sceimhlitheoireachta fós sa Fhrainc, chomh maith le ceisteanna eacnamaíochta agus dífhostaíochta. Tá sé geallta aige go gceasódh sé na deighilteanna¹ éagsúla atá sa tír agus go dtabharfaidh sé cosaint don Eoraip.

Rinne ceannairí éagsúla comhghairdeas leis, ina measc Angela Merkel na Gearmáine, a deir go n-oibreoidís as lámh a chéile in iarracht struchtúr baincéireachta an euro a láidriú. Dúirt Theresa May na Breataine, in ainneoin cheist na Breaitimeachta, go raibh siad ar aon fhocal faoi phríosachtaí éagsúla.

Níl cosa Marine Le Pen nite ach an oiread, shílfeá. Ag ceiliúradh a bhí sí inniu agus aon trian den vóta aici. Sin dhá oiread a fuair a hathair in 2002. Bhí na milliúin eile sa tír nár chaith vóta ar bith, áfach, ach tabharfaidh sé faoiseamh de chineál ar feadh scaithimh ar aon chuma, do lucht tacaíochta an Aontais Eorpaigh.

Máire Treasa Ní Cheallaigh, Nuacht TG4.

Eimear Ní Chonaola

Agus, díreach sula dtáinig muid ar an aer, labhair mé le John Maguire i bPáras, eagarthóir le *France 24*. Agus, d'fhiafraigh mé de, ar dtús, faoi cén chaoi a n-éireoidh le hEmmanuel Macron san olltoghchán an mhí seo chugainn agus gan oiread is feisire amháin aige faoi láthair.

John Maguire, France 24

Bhuel, tá sé geallta ag urlabhraí dá chuid go mbeidh liosta iomlán d'iarrthóirí aige idir seo agus deireadh na seachtaine. Anois, bheadh níos mó ná 270, idir 270 agus 280 suíochán de dhíth air chun tromlach a bheith aige. An mbeidh sé ábalta sin a dhéanamh, sin ceist mhór. Ach, tá ceist an rialtais ann fosta, agus tá na páirtithe traidisiúnta trína chéile, agus tá siad ag troid lena chéile. Agus, beidh seisean ag iarraidh tairbhe a bhaint as sin chun daoine móra le rá, sa dá pháirtí, an Páirtí Poblachtánach agus an Páirtí Sóisialach a mhealladh chuige chun rialtas a chruthú.

Eimear Ní Chonaola

Agus meas tú, a John, cén tionchar a bheas ag toradh an lae inné ar an idirbheartaíocht a bhaineann le Brexit?

John Maguire, France 24

Ó bhuel, tá sé curtha in iúl le fada an lá ag Emmanuel Macron nach mbeidh seisean ag tabhairt bronntanas ar bith do Theresa May, agus ní athróidh sé sin ar chor ar bith. Agus beidh seisean ar an líne chéanna leis na Gearmánaigh, le hAngela Merkel. So, ní dóigh liom go mbeidh Theresa May róshásta leis an toradh ar chor ar bith.

Eimear Ní Chonaola

Ar ndóigh, is é an tUachtarán is óige riamh ar an bhFrainc é. An bhfuil an taithí aige, meas tú, le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimhe amach?

John Maguire, France 24

Sílim gurb é Emmanuel Macron duine de na polaiteoirí is éirimiúla agus is glíce sa tír. Ní raibh duine ar bith cosúil leis riamh sa tír seo. Tá sé óg, ach tá a fhios aige (conas) an cluiche polaitiúil a imirt, agus tá go leor daoine tábhachtacha agus mór le

¹ *deighiltí* an leagan caighdeánach

rá in aice leis. Agus sílim go bhfuil an pholaitíocht go smior ann agus sílim go n-éireoidh go maith leis.

Eimear Ní Chonaola

John Maguire ansin i bPáras.